FIOSRAIGH CAD IAD NA DATHANNA IS FEARR A SHEASANN AMACH AR CHÚLRAÍ ÉAGSÚLA

J
SÓISEAR

Trealamh:	Páipéar dubh, páipéar bán, criáin de dhathanna éagsúla, modh tomhais (*caighdeánach nó neamhchaighdeánach*) 
Leibhéal Ranganna molta:	Na ranganna is óige
Ullmhúchán:	D'fhéadfadh sé a bheith níos éasca an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i halla na scoile (*nó lasmuigh má tá an aimsir oiriúnach*) mar gheall ar na fadanna atá i gceist. Braitheann sé seo cuid mhór ar mhéid an bhlab datha, agus moltar tástáil a dhéanamh roimh ré dá bharr sin.
Eolas Cúlra:	Baineann eolaíocht chasta le dath agus lena fheiceálacht ar chúlraí de dhathanna éagsúla. Braitheann sé ar mhórán rudaí, m.sh. an cineál páipéir, cineál na bpeann marcála nó na gcrián srl. Moltar criáin a úsáid don ghníomhaíocht seo, agus cuirtear béim ar an difríocht a d'fhéadfadh a bheith sna conclúidí a bheadh ag na leanaí faoi na dathanna céanna ó fhoinse difriúil. Má bhíonn póstaer á dhéanamh acu mar sin ba chóir roinnt dathanna a thriail ar dtús ar pháipéar samplach (*oiliúint mhaith san eolaíocht!*) Tá sé deacair a mhíniú cén fáth go bhfuil dath an chúlra tábhachtach: is fearr do na leanaí díreach é a thabhairt faoi deara.
Ceisteanna Spreagtha:	Cén dath atá ar an bpáipéar a mbíonn tú ag scríobh air de ghnáth? Cén dath atá ar an bpeann luaidhe (*an 'luaidh' laistigh - graifít i ndáiríre*) a mbíonn tú ag scríobh leis de ghnáth? An bhfuil sé éasca é a léamh? Dá scríobhfá ar pháipéar dubh an mbeadh sé éasca é a léamh, dar leat? Cén dath a bheadh go maith le scríobh ar pháipéar dubh, dar leat? FIOSRAÍMIS CAD IAD NA DATHANNA IS SOILÉIRE: **1.** AR CHÚLRA BÁN **2.** AR CHÚLRA DUBH.
Snáithí agus Aonaid Ábhair:	**EOLAÍOCHT:** Fuinneamh: solas – dath Nithe beo: Plandaí agus ainmhithe - duaithníocht **MATA:** Uimhir: Comparáid agus Ordú Tomhais: Fad Sonraí: Cur i láthair

FIOSRAIGH CAD IAD NA DATHANNA IS FEARR A SHEASANN AMACH AR CHÚLRAÍ ÉAGSÚLA

J
SÓISEAR

Scileanna:	Tuar, ceistiú, triail, breathnú, tomhas, taifeadadh agus cumarsáid, anailisiú.
Nascanna Traschuraclam:	Ealaín OSPS: Sábháilteacht - bí le feiceáil!
Gníomhaíocht:	Tugtar criáin de cheithre dhath éagsúil do na leanaí - dearg, glas, gorm, buí - agus páipéar bán. Fiafraigh díobh "Cén dath díobh seo is fearr a sheasfadh amach ar pháipéar bán, dar libh? Cén dath a bheadh sa dara háit, sa tríú háit agus sa cheathrú háit? Iarrtar orthu ansin bealach a fháil chun é seo a fhiosrú, le triail chothrom: "Cad is féidir a choinneáil gan athrú?" (*dath an pháipéir, méid an fhocail nó an bhlab, an duine atá ag breathnú - tábhachtach mar go bhfuil amharc éagsúil ag leanaí*) "Cad a athróimid?" (*Dath an chriáin*) Cad a thomhaisimid?" (*An t-achar is faide ónar féidir an focal nó an blab a fheiceáil*). D'fhéadfaí tabhairt faoi ar an gcaoi seo: Tugtar dhá bhileog A4 do gach grúpa leanaí, agus gearrann siad i dhá leath iad. Cuirtear blab daite, nó focal daite atá ar eolas acu, ar gach ceann den 4 leathbhileog, agus iad uile ar aonmhéid - ceann dearg, ceann glas, ceann gorm agus ceann buí. Déanann siad gach ceann a thriail ansin le feiceáil cé chomh fada uathu a bhíonn an blab nó an focal le feiceáil. Pléigh bealaí éagsúla leis na leanaí chun fad a thomhas. Déantar gach fad a thomhas agus a thaifeadadh. Cuirtear in ord iad ansin, .i. Uimhir 1 = an fad is mó, ba é ba shoiléire, srl.  Is féidir barrachairteanna a dhéanamh leis na torthaí. ROGHNACH: Is féidir an triail seo a dhéanamh arís le páipéar dubh. An mbeidh an toradh céanna le fáil ar pháipéar dubh agus ar pháipéar bán?
Sábháilteacht:	

FIOSRAIGH CAD IAD NA DATHANNA IS FEARR A SHEASANN AMACH AR CHÚLRAÍ ÉAGSÚLA

J
SÓISEAR

Gníomhaíochtaí leantacha:

1. Déan postaeirí nó breathnaigh orthu agus pléigh cad iad na pictiúir nó na focail is mó a sheasann amach agus cén fáth (*dath, uigeacht, cúlra...*)?

2. Féadfaidh leanaí níos sine triail a bhaint as clónna agus cúlraí éagsúla ar ríomhairí.

3. Fiafraigh de na leanaí "Cad is na dathanna is fearr a chaitheamh san oíche?"
"Cad iad na dathanna is minice a úsáid ar chomharthaí rabhaidh?"